Foireann mhaith

Obair le Daoine Eile

1.31

1. Cad é atá i gceist le hobair foirne?
2. Cad iad na scileanna a thig leatsa a chur leis an fhoireann?
3. An dtuigeann gach duine agaibh an tasc?
4. Cén ról atá ag gach duine i d'fhoireann?
5. An bhfuil a fhios ag gach duine cad é a bheidh le déanamh acu?

Cad é an dóigh is fearr lena dhéanamh?

Obair le Daoine Eile

1. Cad é an bealach is fearr leis an tasc a chur i gcrích?
2. Lig do gach duine a thuairim a chur in iúl.
3. Cad e mar a dhéanfaidh sibh cinneadh le chéile?
4. Mar ghrúpa, roghnaígí an dá bhealach is fearr.
5. Anois caithigí vota leis an cheann is fearr a roghnú.

A dhéanamh cinnte de go gcuirfear rudaí i gcrích

Obair le Daoine Eile

1.33

1. Cad é mar a thig leat cinneadh cothrom a dhéanamh maidir leis an ról a bheidh ag gach duine?
2. Cad iad na scileanna a chuirfidh gach duine agaibh leis an ghrúpa?
3. Cé a bheidh ina b(h)ainisteoir agus a dhéanfaidh cinnte de go ndéanfar an obair uilig?
4. An bhfuil sé cothrom nach mbeidh ach aon duine amháin i gceannas i rith an ama?

An bhfuil na comhábhair chearta agaibh?

Obair le Daoine Eile

1. Cad é atá de dhíth le haghaidh obair mhaith foirne?
2. Cad é mar a thig leat do chuid smaointeoireachta a fheabhsú trí bheith ag obair mar chuid d'fhoireann?
3. Cad é atá i gceist le bheith 'cothrom' agus tú ag obair i ngrúpa?
4. Cad é mar a dhéanfaidh tú an obair a roinnt go cothrom?

Ar éirigh leis?

Obair le Daoine Eile

1. Cén dóigh ar eagraigh an grúpa é féin?
2. Cad é mar a rinne sibh an obair a roinnt?
3. An raibh seo cothrom? Cad chuige?
4. Cad é mar a d'éirigh leis?
5. Ar éirigh leis an ghrúpa an tasc a chur i gcrích?

An ceannaire a leanúint?

Obair le Daoine Eile

1. Cad é atá i gceist le ceannaire maith?
2. Cé a bheidh ina c(h)eannaire an iarraidh seo?
3. An bhfuil sé tábhachtach go mbeidh ceannaire ann?
4. An ndearna sibh an obair a roinnt go cothrom?
5. Cad é a dhéanfaidh an grúpa má bhíonn cuidiú de dhíth ar dhuine?

Eolas a roinnt

Obair le Daoine Eile

1.37

1. Déan machnamh ar cad é a iarradh ort a dhéanamh.
2. An bhfuil eolas ag duine ar bith sa ghrúpa a bheadh ina chuidiú?
3. Labhair ar do sheal.
4. Socraigh ar cad é atá le déanamh agus ar cé a dhéanfaidh gach tasc.
5. Déan cinnte de go bhfuil sibh uilig ag caitheamh go cothrom lena chéile!

Aontú nó easaontú?

Obair le Daoine Eile

1. An dtuigeann gach duine cad é atá le déanamh?
2. Cad é a dhéanfaidh do ghrúpa más gá cinneadh a dhéanamh?
3. An gcaithfidh gach duine sa ghrúpa a bheith ar aon intinn lena chéile i gcónaí?
4. Mura bhfuil gach duine ar aon intinn lena chéile, cad é a dhéanfaidh sibh leis seo a réiteach?
5. Cé a dhéanfaidh cinnte de go gcuirfear an tasc i gcrích in am?

Is é atá le feiceáil...
Is é atá le
cluinstin...

Obair le Daoine Eile

1. Smaoinigh ar a mbíonn le feiceáil agus le cluinstin agus foireann ag obair go maith le chéile.
2. Déan liosta.
3. Cad é mar a thig le do ghrúpa é féin a eagrú?
4. Cén ról a bheidh ag gach duine?
5. Cé nó cad é a bheadh ina chuidiú agat?

Cad é a d'oibrigh maith?

Obair le Daoine Eile

1.40

1. An bhfuil tú sásta leis an obair atá déanta ag an fhoireann? Cad chuige?
2. Ar oibrigh gach duine le chéile leis an tasc a chur i gcrích?
3. Cad é mar atá a fhios agat?
4. Cad é a d'oibrigh go maith?
5. Cad é a thiocfadh leat a dhéanamh ar bhealach níos fearr an chéad uair eile?